2024/2717

25.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2717 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Deireadh Fómhair 2024

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) agus Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráidí i gCuid II, Roinn II, Caibidil 6, an tábla, sa tuairisc ar chóid AC 0601, 0601 10 agus 0601 20 den leagan Gearmáinise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

(2) Tá earráidí i gCuid II, Roinn VI, Caibidil 29, pointe 5(D) agus Caibidil 38, an tábla, sa tuairisc ar chóid AC 3824 99 61 agus 3827 11 00 den leagan Fionlainnise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, na leaganacha Fionlainnise agus Gearmáinise de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim, arna seachadadh sular glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2364 ón gCoimisiún ([2]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2364 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L, 2023/2364, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2364/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN